Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Bealtaine 2018
(OR. en)

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2018/0199 (COD)**
**2018/0197 (COD)**
**2018/0198 (COD)**

**9558/18**
**ADD 1**

**IA 154**
**FSTR 26**
**REGIO 34**
**FC 27**
**CADREFIN 54**
**RELEX 485**
**CODEC 907**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 30 Bealtaine 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2018) 283 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Tograí le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus leis an gCiste Comhtháthaithe maidir le sásra chun constaicí dlí agus riaracháin a réiteach i gcomhthéacs trasteorann maidir le forálacha sonracha le haghaidh sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ionstraimí maoinithe sheachtraigh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2018) 283 final ón gCoimisiún.

---

Faoi iamh: SWD(2018) 283 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 29.5.2018
SWD(2018) 283 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Tograí le haghaidh**

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus leis an gCiste Comhtháthaithe**

**maidir le sásra chun constaicí dlí agus riaracháin a réiteach i gcomhthéacs trasteorann**

**maidir le forálacha sonracha le haghaidh sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ionstraimí maoinithe sheachtraigh**

{COM(2018) 372 final} - {SEC(2018) 268 final} - {SWD(2018) 282 final}

GA GA

# Achoimre Feidhmiúcháin ar an Measúnú Tionchair

## 1. RAON FEIDHME AGUS MISEAN

Leagtar síos misean Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus an Chiste Comhtháthaithe (CC) sna Conarthaí: comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach. Is éard atá i gceist leis sin éagothromaíochtaí réigiúnacha agus náisiúnta a laghdú thar réimse leathan téamaí: nuálaíocht, iomaíochas, poist, comhshaol, iompar, oideachas agus bonneagar sláinte agus forbairt uirbeach inbhuanaithe.

Is tosaíocht thrasearnálach é comhar trasteorann faoi Chomhar Críochach Eorpach ('CCE' nó 'Interreg') agus faoin nGealltanas Trasteorann Eorpach (GTTE).

Ar mhaithe le comhsheasmhacht le beartais AE eile faoi bhainistíocht chomhroinnte, déantar na rialacha maidir tabhairt i gcrích agus cur chun feidhme CFRE agus an Chiste Comhtháthaithe a rialáil le Rialachán na bhForálacha Coiteanna (‘CPR’), a mhéid agus is féidir. Leagtar amach ann forálacha coiteanna le haghaidh seacht gciste bainistíochta comhroinnte ar leibhéal AE:

- CC: An Ciste Comhtháthaithe
- CEMI: An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh
- CFRE: Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa
- CSE+: Ciste Sóisialta na hEorpa Plus
- CTIL: An Ciste um Thearmann agus Imirce
- CSI: Ciste Slándála Inmheánaí
- IBT: Ionstraim Bainistithe Teorann

## 2. NA CEACHTANNA A FOGHLAIMÍODH Ó CHLÁIR ROIMHE SIN

Maidir leis an **straitéis, leis na tosaíochtaí agus le tionchar an bheartais**, rinneadh idirdhealú sa mheastóireacht *ex post* idir téamaí:

- A raibh breisluach ard orthu agus an-tionchar acu: tacaíocht do FBManna, straitéisí um speisialtóireacht chliste agus dul ar aghaidh réigiún sa slabhra eacnamaíoch a éascú, an geilleagar ísealcharbóin, forbairt uirbeach inbhuanaithe agus comhar réigiúnach
- Nach raibh an tionchar céanna acu, amhail tacaíocht d'fhiontair mhóra agus infheistíochtaí in aerfoirt (seachas sna réigiúin is forimeallaí).

**Simpliú: an gá leis an ualach riaracháin a laghdú.** Léiríodh sna meastóireachtaí *ex post* ar CFRE agus ar an gCiste Comhtháthaithe go raibh na córais bhainistithe, rialaithe agus iniúchóireachta róchasta. B'fhoinse éiginnteachta riaracháin agus moilleanna ar chur chun feidhme í an chastacht sin. Saincheist ar leith a bhí sa chastacht i dtíortha AE-15 áit a raibh an cistiú níos lú, rud a thugann le fios gur gá comhréireacht a bheith ann.

**An gá le solúbthacht chun freagairt do riachtanais atá ag teacht chun cinn:** Sa mheastóireacht *ex post* ar CFRE agus ar an gCiste Comhtháthaithe léiríodh gur éirigh thar barr, sa tréimhse 2007-2013, le hoiriúnú na gclár le linn na géarchéime eacnamaíche, agus gur cheart forbairt air sin.

**Poitéinseal ionstraimí airgeadais:** Léiríodh sa mheastóireacht *ex post* ar CFRE agus ar an gCiste Comhtháthaithe go raibh de phoitéinseal in ionstraimí airgeadais a bheith ina modh

níos éifeachtúla le hinfheistíocht a chistiú i réimsí beartais áirithe, ach tá moilleanna cur chun feidhme ann agus dúshlán atá ann a n-úsáid a scaipeadh.

Rinne an Coimisiún comhairliúchán poiblí faoi "Cistí AE i réimse an bheartais comhtháthaithe" (an 10 Eanáir 2018 go dtí an 9 Márta 2018). Is é an príomhthátal a baineadh as go raibh gá le simpliú: mheas na geallsealbhóirí gurbh iad na nósanna imeachta casta an bac ba mhó ar fad ar an rath, agus ansin na ceanglais throma maidir le hiniúchadh agus rialú, an easpa solúbthachta, an deacracht inbhuanaitheacht airgeadais a áirithiú agus moilleanna ar íocaíochtaí.

Ina theannta sin, tríd is tríd, bhí na freagróirí go mór i bhfabhar na nithe seo a leanas:

- Beartas comhtháthaithe do gach réigiún (ach trí dhíriú leantach ar na réigiúin is tearcfhorbartha mar sin féin).
- Nuálaíocht ó thaobh beartas de, lena n-áirítear straitéisí um speisialtóireacht chliste agus infheistíocht chliste go ginearálta.
- Díriú téamach a fhorbairt agus leanúint de.
- Díriú ar dhúshláin áitiúla (go háirithe forbraíocht uirbeach inbhuanaithe).
- Comhar idir-réigiúnach, ar bhonn trasteorann agus ar fud na hEorpa araon.

## 3. ROGHANNA BEARTAIS

Sna roghanna, tugtar breac-chuntas ar roghanna malartacha chun dul i ngleic leis an laghdú sa bhuiséad:

- Rogha 1: Ciorrú ginearálta.
- Rogha 2: An ranníocaíocht leis na réigiúin níos forbartha a laghdú.
- Rogha 3: Tacaíocht a choinneáil i limistéir ríthábhachtacha (díriú téamach) ach laghdú a dhéanamh uirthi i dtaca le téamaí eile.

Is í Rogha 3 rogha na tosaíochta, mar gheall ar na cúiseanna seo a leanas:

- Chun leanúint de bheith ag díriú ar na téamaí a mbaineann an breisluach Eorpach is airde leo, i gcás ina dtugann an fhianaise le tuiscint go raibh an tionchar is mó ag an mbeartas.
- Maidir le cuid mhór de na dúshláin is mó (domhandú agus claochlú eacnamaíoch, aistriú chuig an ngeilleagar ísealcharbóin agus ciorclach, dúshláin chomhshaoil, imirce agus pócaí bochtaineachta uirbí), tá ag méadú ar an difear a dhéanann siad do roinnt réigiún ar fud AE, lena n-áirítear na réigiúin níos forbartha. Ní hamháin go bhfuil infheistíocht ó AE riachtanach ach is comhartha dlúthpháirtíochta í chomh maith.
- An mhais chriticiúil a choinneáil - na hinfheistíochtaí a dhéantar sna réigiúin níos forbartha, is beag an méid iad cheana féin ó thaobh *per capita* de.
- Tacaíonn formhór mór na bpáirtithe leasmhara sa chomhairliúchán poiblí le CFRE sna réigiúin ar fad. Leis an gcás sin, áirithítear infheictheacht fheabhsaithe chistí an bheartais comhtháthaithe sna Ballstáit ar fad.

## 4. CUSPÓIRÍ BEARTAIS, DÍRIÚ TÉAMACH

Rinneadh aon cheann déag de chuspóirí téamacha arna n-úsáid in 2014-2020 a shimpliú sa rialachán seo, sa dóigh go bhfuil cúig chuspóir beartais fhollasacha anois ann:

1. Eoraip níos cliste – claochlú tionsclaíoch atá nuálach agus cliste.
2. Eoraip níos glaise a fheidhmeoidh ar bheagán carbóin.

3. Eoraip níos nasctha – an tsoghluaisteacht agus an nascacht réigiúnach TFC.
4. Eoraip níos sóisialta – cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.
5. Eoraip atá níos giorra do na saoránaigh – forbairt inbhuanaithe chomhtháite limistéar uirbeach, tuaithe agus cósta trí thionscnaimh áitiúla.

A bhuí leis an simpliú sin beifear in ann sineirgíochtaí agus solúbthacht a aimsiú idir sraitheanna éagsúla laistigh de chuspóir áirithe, trí dheireadh a chur le hidirdhealuithe saorga idir beartais éagsúla a rannchuidíonn leis an aon chuspóir amháin. Is bunús é freisin leis an díriú téamach.

Chun a áirithiú, i gcomhthéacs laghdú buiséid, go bhfuil mais chriticiúil infheistíochta ann go fóill, leis an Rialachán maidir le CFRE agus leis an gCiste Comhtháthaithe, coinnítear ceanglais le haghaidh díriú téamach. Déanfar tromlach na n-acmhainní (idir 65 % agus 85 %) a dhíriú ar rannchuidiú le cuspóirí beartais, áit a bhfuil an breisluach is mó le fáil de réir mar a thugtar le tuiscint san fhianaise mheastóireachta agus sa mheasúnú tionchair, chomh maith leis an rannchuidiú is mó le tosaíochtaí AE:

- CB1: "Eoraip níos cliste trí chlaochlú eacnamaíoch atá nuálach agus cliste a chur chun cinn";
- CB2: "Eoraip níos glaise a fheidhmeoidh ar bheagán carbóin trí aistriú fuinnimh glan agus cóir, infheistíocht ghlas agus ghorm, an geilleagar ciorclach, an t-oiriúnú aeráide agus cosc agus bainistiú rioscaí a chur chun cinn”.

Chun solúbthacht a éascú, beidh feidhm ag critéir dírithe théamaigh ar an leibhéal náisiúnta.

| **Le haghaidh tíortha ina bhfuil:** | **íosmhéid % “CB1”** | **íosmhéid % “CB2”** |
|---|---|---|
| ONI faoi 75 % | 35 % | 30 % |
| OIN idir 75 % agus 100 % | 45 % | 30 % |
| OIN os cionn 100 % | 60 % | *CB1 + CB2 = íosmhéid 85 %* |

## 5. COMHLEANÚNACHAS LE TOSAÍOCHTAÍ AE AGUS LE BEARTAIS AE EILE

Leanfar de choinníollachtaí *ex ante* ach mar **'choinníollacha cumasúcháin'**. Beidh laghdú ar an líon díobh agus beidh siad dírithe go mór ar réimsí ag a bhfuil an tionchar is mó ar éifeachtacht na tacaíochta ó CFRE agus ó CC. Ina theannta sin, tabharfar spléachadh eile orthu thar an tréimhse.

Déanfar **a thuilleadh ailínithe le próiseas an tSeimeastair Eorpaigh**. I gcéim an chlársceidealaithe, aithneoidh na Ballstáit moltaí tír-shonracha ábhartha ón dá bhliain dheireanacha (2019 agus 2020), lena gcur san áireamh sna cláir. Pléifear moltaí tír-shonracha ansin idir an Coimisiún agus na Ballstáit (agus i gcruinnithe coiste faireacháin) mar chuid den chomhphlé beartais bliantúil.

Mar gheall ar Rialachán na bhForálacha Coiteanna, tá comhleanúnachas breise sna rialacha agus déantar iad a ailíniú a thuilleadh thar na 7 **gciste bainistíochta comhroinnte** lena mbaineann.

Mar gheall ar dhíriú téamach ar CB1, is ceist thábhachtach é **comhleanúnachas le Fís Eorpach**. Beidh Fís Eorpach dírithe ar 'Fheabhas Eorpach' (eolas nua a ghiniúint agus a shaothrú, taighde ceannródaíoch) agus beidh CFRE dírithe ar 'ábharthacht réigiúnach' (an t-eolas agus an teicneolaíocht atá ann cheana a scaipeadh ar áiteanna ina bhfuil siad ag teastáil, agus iad a leabú ann go logánta trí straitéisí um speisialtóireacht chliste, ag forbairt córais nuálaíochta áitiúla).

Chun comhsheasmhacht a áirithiú leis an **tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE)**, tá sineirgíocht agus comhlántacht fheabhsaithe ann, rud a chiallaíonn go mbeidh SCE dírithe ar an “gcroíghréasán” go háirithe agus san am céanna cuirfear tacaíocht ar fáil don “gréasán cuimsitheach” le CFRE agus leis an gCiste Comhtháthaithe, lena n-áirítear rochtain réigiúnach agus áitiúil air a áirithiú chomh maith le naisc iompair laistigh de limistéir uirbeacha.

## 6. INTERREG AGUS SÁSRAÍ TRASTEORANN EORPACHA

Bunaithe ar a rathúla agus a bhí cláir Interreg roimhe sin, tá athrú á mholadh againn mar a leanas:

- Níor cheart **cláir trasteorann** a úsáid go príomha chun cistí a bhainistiú agus a dháileadh a thuilleadh ach ba cheart iad a úsáid mar chláir a fheidhmíonn mar institiúidí malairte, lena n-éascaítear gníomhaíocht trasteorann agus ar ionad pleanála straitéisí iad.
- **Comhar lasmuigh de AE** a thabhairt isteach. Déanfar an t-athrú sin i bhfoirm (1) sraith shonrach do na réigiúin is forimeallaí (2) cistiú atá anois ann ó ICR/IEC a chorprú chun tacú le méadú agus le comhar le tíortha comharsanachta.

Leanfaidh Interreg de bheith ag teacht leis na cuspóirí beartais uile (i gcás inarb iomchuí) agus cé go bhfuil sé cistithe le CFRE, cumhdófar i rialachán CCE é ina leagfar rialacha sonracha amach don chomhthéacs Interreg.

I roinnt mhaith cásanna, áfach, eascraíonn bacainní trasteorann (go háirithe i dtaca le seirbhísí sláinte, rialú saothair, iompar poiblí áitiúil agus forbairt gnó) as difríochtaí i gcleachtais riaracháin agus i gcreataí dlíthiúla náisiúnta. Is deacair aghaidh a thabhairt ar na baic riaracháin sin i gcláir, agus iontu amháin, agus bíonn gá le cinntí a bhaineann le réimse níos fairsinge ná struchtúir na gclár.

Molann an Coimisiún réitigh a éascú le **hionstraim dhlí "réamhdhéanta" chun go bhféadfar rialacha Ballstáit amháin a úsáid i mBallstát comharsanachta**. Ós rud é gur gníomhaíocht dheonach agus roghnach í an ghníomhaíocht, agus gur de thionscnamh na mBallstát lena mbaineann a dhéantar í a úsáid (nó gan í a úsáid), tá sí i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta agus prionsabal na comhréireachta. Níl costais ag baint léi do bhuiséad AE.

Tugtar dhá rogha san ionstraim: Gealltanas Trasteorann Eorpach ("GTTE") (a gcumasaítear leis féin maolú ar ghnáthrialacha) nó Ráiteas Trasteorann Eorpach ("RTTE") (tugann sínitheoirí go foirmiúil faoi reachtaíocht a rith le gnáthrialacha a leasú). Cumhdófar tionscadail chomhpháirteacha leis an sásra i dtaca le haon mhír bonneagair ag a bhfuil tionchar i réigiún trasteorann nó aon seirbhís ar mhaithe leis an leas ginearálta eacnamaíoch a chuirfear ar fáil i réigiún trasteorann.

## 7. CÓRAS SEACHADTA SIMPLITHE

Tá fianaise ann go bhfuil costais riaracháin mhóra ag gabháil le CFAE agus leis an gCiste Comhtháthaithe, agus de réir staidéar a rinneadh le déanaí[1] meastar gurb ionann iad agus 3 % de na meánchostais cláir le haghaidh CFAE agus 2.2 % le haghaidh an Chiste Comhtháthaithe. Is airde ná sin an t-ualach riaracháin atá ar thairbhithe (lena n-áiritear FBManna).

Tromlach na mbeart lena simpleofar CFRE agus an Ciste Comhtháthaithe, déanfar iad le RFC. Is deacair cuid mhór acu a chainníochtú roimh ré ó thaobh airgeadais de, ach measadh sa staidéar:

- Go bhféadfaí costais riaracháin iomlána a laghdú go mór dá mbainfí a thuilleadh úsáide as **roghanna costais simplithe** (nó íocaíochtaí bunaithe ar choinníollacha) maidir le CFAE agus leis an gCiste Comhtháthaithe – laghdú idir 20 % agus 25 % má chuirtear na roghanna sin i bhfeidhm ar bhonn ginearálta.

- **Cur chuige níos comhréirigh maidir le rialú agus le hiniúchóireachtaí**, thabharfadh sé laghdú ollmhór le fios i líon na bhfíoruithe agus san ualach iniúchóireachta i dtaca leis na cláir a bhfuil 'riosca íseal' ag baint leo. Leis sin, thiocfadh laghdú 2-3 % ar chostais riaracháin iomlána CFAE agus an Chiste Comhtháthaithe agus thiocfadh laghdú i bhfad níos mó ar chostais na gclár a ndéantar difear dóibh.

Ar na simplithe eile:

- Tá comhcheangal cistí éagsúla – agus ionstraimí airgeadais agus deontais – códaithe le rialacha simplí;

- Ní bheidh rialacha sonracha ann a thuilleadh maidir le hinfheistíochtaí a ghineann ioncam;

- Ní bheidh aon phróiseas ann do mhórthionscadail (seachas sin, leanfaidh an coiste faireacháin tionscadail straitéiseacha).

- Simpleofar an cistiú, le cur chuige an tséala barr feabhais mar shampla.

- Is fearr mar a bheidh ionstraimí airgeadais comhtháite sa phróiseas clársceidealaithe agus cur chun feidhme ón tús agus déanfar an measúnú *ex ante* a chuíchóiriú dá réir - moltar a bheith solúbtha agus deontais á gcomhcheangal le hionstraimí airgeadais;

- Soiléiríodh na rialacha maidir le hincháilitheacht, agus simplíodh na rialacha maidir le costais bhainistíochta agus táillí bainistíochta, ach tá siad fós bunaithe ar fheidhmíocht chun bainistíocht éifeachtach a spreagadh;

- Ní bheidh aon tuairisciú breise ar leithligh ar ionstraimí airgeadais mar tá siad cuimsithe sa chóras tuairiscithe céanna leis an maoiniú de gach foirm eile.

---

[1] Spatial Foresight & t33, *New assessment of administrative costs and burden in ESI Funds, preliminary results* [Measúnú nua ar chostais agus ar an ualach riaracháin i gCistí SIE, réamhthorthaí].